SDxxxx/Eureka 2.8 irish 17/11/05 4:58 pm Page 1

Gníomhaíocht

Cén sórt éan a thagann chuig clós na scoile? Déan suirbhé go bhfeicfidh tú.

B'fheidir gur mhaith leat dhá shuirbhé a dhéanamh - déan ceann anois agus déan ceann eile tar éis duit rudaí a chur sa chlós chun éin a mhealladh isteach. Féach an bhfuil difríocht idir na torthaí.

LE DÉANAMH:

1. Roghnaigh am gach lá nuair a bhíonn an clós folamh. Is ar éigean go dtiocfadh mórán éan dá mbeadh a lán daoine thart.
2. Roghnaigh áit fheiliúnach le breathnú ar na héin.
3. Ba cheart do dhuine nó do bheirt an suirbhé a dhéanamh gach lá. Má bhíonn an iomarca daoine ag breathnú ar na héin, cuirfidh siad isteach ar na héin.
4. Comhairigh cé mhéad éan a fheiceann tú in achar áirithe, m.sh. 15 nóimeád.
5. Má tá leabhair nó pictiúir agat, úsáid iad chun na héin a aithint. Tá pictiúir le fáil ó Chairde Éanlaith Éireann (www.birdwatchireland.ie) agus ó ENFO (www.enfo.ie / teil: 1890 200 191).
6. I do leabhar nótaí scríobh an dáta, líon na n-éan agus na héin éagsúla a fheiceann tú.
7. Bain úsáid as an eolas seo chun do chuid torthaí a thaispeáint ar chairt.

RUDAÍ EILE LE HIMSCRÚDÚ

An dtagann éin dhifriúla nuair a bhíonn an aimsir níos teo, níos fuaire, níos fliche?

Cén sórt bia is mó a thaitníonn leis na héin?

An bhfuil tú chomh héirimiúil le héan?

An bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach?

1. Bíonn dath bándearg ar lasairéin (flamingoes) mar itheann siad a lán ribí róibéis (shrimps).
2. Beireann an ostrais (ostrich) an ubh is lú.
3. Bíonn brollach dearg ar an spideog fhireann (male robin) ach ní bhíonn ar an spideog bhaineann.
4. Beireann an chuach (cuckoo) a cuid uibheacha i nead éin eile. Tugann an t-éan eile aire don chuach óg.
5. Úsáideann na gabhláin bhinne (house martins) láib nuair a bhíonn siad ag déanamh neadacha.
6. Is féidir le lon dubh (blackbird) siúl ar an talamh.
7. Déanann cruidín (kingfisher) a nead i dtollán (tunnel).
8. Ní fheiceann éin dath ar bith seachas dubh agus bán.

eureka

Foilsíonn an Irish Independent Eureka, i gcomhar leis an Ionad Oideachas Eolaíochta ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach, BÁC 9, le tacaíocht ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

TAIGHDE & TÉACS: Helena Jeffrey, Paula Kilfeather, Clíona Murphy & Janet Varley.

AISTRITHEOIR: Bairbre Ní Ógáin
EAGARTHÓIR: John Walshe
DEARADH: Smart Design
SCRÍOBH CHUGAINN AG: Eureka, Irish Independent, 27-32 Sraid Thalbóid, BAC 1.
GLAOIGH AR: Debbie Brennan ag 01 7055131 nó
CUIR RÍOMHPHOST CHUIG: eureka@unison.independent.ie

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Centre for Science Education

Freagraí ar 'An bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach?'

1. Fíor. Tugaimid carathín (carotene) ar an nadh bándearg a bhíonn sna ribí róibéis.
2. Bréagach. Beireann an dordéan (hummingbird) na hubheacha is lú.
3. Bréagach. Tá an dath ceanna ar bhrollagh na spideog fireann agus bainean.
4. Fíor.
5. Fíor. Déanann siad neadacha as meascán de thuí agus de láib.
6. Bréagach. Léimeann siad ar leathchois.
7. Fíor. Déanann an cruidín tollán i mbruach abhann.
8. Bréagach. Bíonn radharc maith dathá ag a lán éan agus bíonn siad in ann torthaí agus caora (berries) aibí a fheiceáil.

Irish Independent eureka

Buaiteoir 2005 - Gradam Domhanda an Léitheora Óig - *Cumann Domhanda na Nuachtán (WAN)*

Imleabhar 2, Eagrán 8
24ú Samhain 2005

Irish Independent Forlíonadh Eolaíochta do Bhunscoileanna

Ar Eite

Éin i mBaol

Nuair a smaoinímid ar ainmhithe atá i mbaol (endangered), smaoinímid go hiondúil ar ainmhithe andúchasacha (exotic) ar nós tíogar nó béar bán. An raibh a fhios agat go bhfuil éan againn anseo in Éirinn atá i mbaol? Tá seans ann go rachaidh an sórt seo éin **in éag** (extinct). **An Traonach** (corncrake) atá i gceist anseo.

Fadó, bhí traonaigh le feiceáil go minic in Éirinn. 45 bliain ó shin, bhí 4000 traonach fireann le cloisteáil ag gabháil cheoil. 10 mbliana ó shin, ní raibh ach 129 díobh le cloisteáil. Cad a tharla do na héin eile? An ndeachaigh siad ar imirce (migrate) agus nár fhill siad? Ní dheachaigh. Ar mharaigh fliú na n-éan iad? Níor mharaigh. An é nach bhfeiceann na faireoirí éan (birdwatchers) iad nuair a théann siad amach á lorg? Ní hé. Chun scéal na dtraonach a thuiscint, caithfimid féachaint ar **ghnáthóg** (habitat) na dtraonach.

Taitníonn féar fada agus fiailí ar nós neantóg le traonaigh mar bíonn siad in ann dul i bhfolach agus síolrú (breed). Is mór an chabhair é a g**clúmh** donn nuair a bhíonn siad i bhfolach - **duaithníonn** (camouflages) sé iad. Feileann páirceanna féir agus sadhlais (silage) do na traonaigh le nead a thógáil. Sna 1960idí, níor bhain na feirmeoirí an féar go dtí deireadh an tsamhraidh. Mar sin, bhí neart ama ag an traonach chun cúpláil (mating) a dhéanamh, uibheacha a bhreith agus gor a dhéanamh. Ach i láthair na huaire, úsáideann feirmeoirí innill nua-aimseartha chun an féar a bhaint agus déanann siad sadhlais i bhfad níos luaithe sa bhliain. Uaireanta, baineann siad an féar trí nó ceithre huaire sa bhliain. Ní bhíonn seans dá laghad ag na traonaigh mar sin. Ní maith le traonaigh rith ar thalamh oscailte, áit nach bhfuil foscadh le fáil. Dá bhrí sin, ritheann siad isteach san fhéar fada de réir mar a thagann an tarracóir in aice leo. Maraíonn an tarracóir iad nuair a bhaineann sé an féar.

Cad is féidir a dhéanamh chun na traonaigh a shábháil? Sa bhliain 1991, bhunaigh Cairde Éanlaith Éireann (Birdwatch Ireland) tionscnamh chun na traonaigh a chaomhnú (conserve). D'iarr siad ar fheirmeoirí in áiteanna éasgsúla gan a gcuid féar a bhaint go dtí an 1ú lá de Lúnasa, agus thug siad deontas (grant) dóibh mar chúiteamh (compensation). Má thosaíonn feirmeoirí ag baint a gcuid féar ó lár na páirce amach, faigheann siad deontas freisin. Má dhéanann siad é seo, bíonn na traonaigh in ann foscadh a fháil san fhéar fada nuair a bhíonn siad ag éalú ó na tarracóirí, amach go himill na páirce. Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí seo, tá líon na dtraonach ag méadú arís in áiteanna ar leith.

Féach ar www.birdwatchireland.ie chun breis eolais a fháil ar thraonaigh agus ar éin eile.

Traonaigh faoi Bhagairt

Uibheacha

Duaithníocht

Is dócha go bhfuil a fhios agat go mbeireann éin uibheacha. Ach an raibh a fhios agat nach mbeireann gach éan an líon céanna uibheacha agus go mbíonn dathanna difriúla ar bhlaosc na n-uibheacha? Cén fáth, dar leat?

Uaireanta, is maith le héin eile agus le mamaigh (mammals) uibheacha a ithe. I dtíortha eile, tá reiptílí (reptiles) ann, ar nós nathracha (snakes), agus itheann siad uibheacha na n-éan. Mar sin, bíonn dath speisialta ar uibheacha sa chaoi nach féidir iad a fheiceáil go héasca sa timpeallacht. Tugaimid duaithníocht (camouflage) air seo. Bíonn dath liath ar uibheacha na n-éan aille (guillemots); bíonn spotaí dubha orthu freisin agus bíonn cruth biorach (pointed) ar cheann amháin. Ní dhéanann na héin mhara seo nead. Beireann siad na huibheacha ar leac aille (cliff). Is deacair na huibheacha a fheiceáil ar an leac toisc gurb ionann dath na n-uibheacha agus dath na haille, agus mar gheall ar an gcruth atá ar na huibheacha, rollann siad i gciorcal agus ní thiteann siad den leac. Is éin mhara iad na geabhróga (terns) beaga freisin. Déanann siad nead cois trá go minic. Bíonn dath an ghainimh ar a n-uibheacha agus bíonn siad breactha (speckled) sa chaoi gurb ionann a ndath agus dath na gcloch beag bídeach cois trá.

Ach bíonn dath bán ar uibheacha na n-ulchabhán (owls). Ní bhíonn aon ghá le duaithníocht anseo mar beireann an mháthair iad istigh i nead, i gcrann toll (hollow) nó i bpoll. Bíonn siad i bhfolach ansin agus iad slán sábháilte.

Cad a tharlaíonn ansin?

Ní fhásfaidh na sicíní sna huibheacha gan teas (thart ar 35º C). Bíonn cnap (knob) cnáimhe ar ghob an tsicín agus úsáideann sé é seo chun briseadh amach as an mblaosc. Tugaimid **fiacail uibhe** ar an gcnap seo. Titeann an fhiacail uibhe den ghob ansin.

'Tá sé seo craiceáilte'

Réidh le himeacht

Gníomhaíocht

Duaithnigh ubh

BUNÁBHAIR

- Uibheacha cruabhruite (nó clocha den mhéid chéanna)
- Péint
- Marcóirí feilte
- Uaineadóir (timer)

TREORACHA

1. Roghnaigh áit i dtimpeallacht na scoile chun na huibheacha a chur i bhfolach.
2. Scrúdaigh an áit go cúramach agus tabhair na dathanna faoi deara.
3. Cad iad na dearaí is fearr chun na huibheacha a cheilt?
4. Dathaigh nó peinteáil na dearaí seo ar na huibheacha.
5. Cuir i bhfolach iad san áit ar roghnaigh tú.
6. Féach cén fhad a thógann sé ar do chairde iad a fháil.

GNÍOMHAÍOCHT BHREISE: Dear gníomhaíocht a thaispeánfaidh dathanna atá éasca le feiceáil.

Gníomhaíocht

Tástáil cé chomh láidir agus atá blaosc uibhe

BUNÁBHAIR

- Blaosc ghlan uibhe ó shicín - an chuid chruinn di
- Babhla éadomhain (shallow)
- Meáchain m.sh. carn de na leabhair chéanna

TREORACHA

1. Cuir an bhlaosc sa bhabhla leis an gcuid chruinn ar barr.
2. Tuar cé mhéad leabhar a bheidh ag teastáil chun an bhlaosc a bhriseadh.
3. Go cúramach, cuir na leabhair, ceann ar cheann, ar an mblaosc.
4. Taifead cé mhéad leabhar a bhí ag teastáil chun an bhlaosc a bhriseadh.

SMAOINIGH ORTHU SEO:

- An raibh do thuar gar don fhreagra?
- An gceapann tú go bhfuil an chuid bhiorach den bhlaosc chomh láidir céanna leis an gcuid chruinn? Dear imscrúdú le fáil amach.

Éin ar Imirce

Nuair a smaoinímid ar éin ag dul **ar imirce** (ag taisteal idir dhá áit dhifriúla i rith na bliana), smaoinímid ar fháinleoga, ar ghabhláin ghaoithe (swifts) agus ar ghabhláin bhinne (housemartins) go minic. Feicimid iad ina suí ar shreanga teileagraif, ag ullmhú dá dturas fada ó dheas go dtí an Afraic. Uaireanta taistealaíonn siad 8000km, chuig áiteanna atá níos teo agus chuig áiteanna a bhfuil bia níos flúirsí (plentiful).

Cé go bhfágann a lán éan tír na hÉireann san fhómhar, tagann éin eile go hÉirinn chun an geimhreadh a chaitheamh anseo.

Caitheann géanna bánéadanacha (whitefronted geese) an samhradh in áiteanna ó thuaidh ar nós na Graonlainne (Greenland). Beireann siad uibheacha ansin agus déanann siad gor. Ach bíonn an geimhreadh sa Ghraonlainn fuar crua agus ní bhíonn mórán bia le fáil. Mar sin, fágann na géanna agus tagann cuid acu go hÉirinn mar go bhfuil an sórt bia a itheann siad le fáil anseo go flúirseach. Creid nó ná creid, caitheann trian de dhaonra ghéanna bhánéadanacha an domhain an geimhreadh ó Dheireadh Fómhair go hAibreán i Loch Garman.

Cad a iosfaimid inniu?

Ag an am seo den bhliain, is féidir scataí (flocks) móra géanna a fheiceáil ag eitilt - bíonn cruth V ar an scata go hiondúil. Bíonn seans ag gach gé bheith mar cheannaire ar feadh tamaill sa chaoi nach n-éiríonn aon ghé róthuirseach. Ach bíonn a lán fuinnimh - agus a lán bia - ag teastáil chun turas mar seo a dhéanamh. Dá bhrí sin, itheann siad trian dá meáchain féin gach lá chun fuinneamh a ghineadh. Ná seas faoi scata géanna nuair a bhíonn siad ag eitilt. Tomhais cén fath!

Conas Éin Fhiáine a Mhealladh go Timpeallacht na Scoile?

Chun éin fhiáine a mhealladh (attract) isteach i dtimpeallacht na scoile, cuir ceithre rud a theastaíonn uathu ar fáil - bia, uisce, foscadh agus áit le scíth a ligean.

Beathaigh (feed) na hÉin

Chomh luath agus a éiríonn an aimsir fuar, cuir amach bia do na héin. Lean ort ag beathú na n-éan i rith an gheimhridh. Má thuigeann na héin go mbeidh bia ar fáil dóibh go rialta i gclós na scoile, tiocfaidh siad go rialta.

Cén sórt bia?

Cuir réimse (range) mór bia amach ar leac na fuinneoige nó ar bhord na n-éan, má tá ceann agat. Is maith leis na héin an sórt bia a bhíonn agat do do lón - má tá píosaí cáise, nó úill nó aráin, fágtha, cuir amach iad. Ná cuir amach feoil - mheallfadh an fheoil ainmhithe eile (cén sórt ainmhithe?). Cuir an t-arán ar bogadh (soaking) in uisce ar dtús sa chaoi nach n-atfaidh (swell) sé i mbolg an éin. Is féidir bia a cheannach d'éin fhiáine - bíonn gráinní (grains) éagsúla agus piseanna talún (peanuts) ann.

Ná tabhair bia le salann m.sh. criospaí, grán rósta (popcorn) ná cnónna saillte (salted) d'éin riamh.

Imscrúdaigh:

An féidir leat imscrúdu a dhearadh le fáil amach cén sórt bia is mó a thaitníonn leis na héin?

Foscadh agus breis bia

Is féidir plandaí a fhás i ngáirdín na scoile chun éin a mhealladh agus foscadh a thabhairt dóibh. Roghnaigh plandaí le caora geala daite nó le síolta ar féidir iad a ithe m.sh. an caorthann (rowan), an trom (elder), an cuileann (holly), lusanna gréine (sunflowers) agus eidhneán (ivy).

Má fhágann tú cuid de gháirdín na scoile mar atá sé, b'fhéidir go bhfásfadh plandaí ar nós driseog (brambles). Bíonn éin in ann nead a thógáil i bhfoscadh na ndriseog agus is maith leo na sméara dubha freisin. Tagann cruimheanna cabáiste (caterpillars) áirithe isteach ag lorg neantóg (nettles) agus ansin itheann na héin na cruimheanna. Is breá le glasáin (finches) fliodh (chickweed) a ithe.

Uisce le hÓl

Ná déan dearmad uisce a fhágáil i mbabhla beag sa chaoi gur féidir leis na héin é a ól agus folcadh ann. Má bhíonn an teocht faoin reophointe (freezing point), bí cinnte go mbriseann tú an leac oighir ar bharr an uisce.

AIRE: Níor cheart do pháistí, a bhfuil ailéirge (allergy) cnó acu, cnónna a láimhseáil.

Gníomhaíocht

Déan cáca do na héin

I rith na haimsire fuaire, bíonn ar éin méathras (fat) caillte a chur ar ais orthu féin. Cabhraigh leo - déan cáca dóibh:

BUNÁBHAIR

- potaí iógairt
- cipín solais
- téad
- babhla
- marla
- spúnóg adhmaid
- blonag (lard)
- píosaí cáise nó bia d'éin fhiáine
- piseanna talún (peanuts)

TREORACHA

1. Bí go deas le do mhúinteoir agus iarr air / uirthi cabhrú leat an bhlonag a leá (melt). Déan é seo i mbabhla mór in oigheann micreathonnach (microwave).
2. Measc isteach na cnónna, na síolta agus araile; bíodh an meascán cosúil le leite thiubh.
3. Go cúramach, déan poll i lár bhun an phota iógairt. Cuir an téad tríd an bpoll agus ceangail an cipín le bun an téid sa chaoi nach féidir leis an téad teacht ar ais tríd an bpoll (féach ar an léaráid). Cuir marla nó 'blutack' ar an bpoll chun é a dhúnadh go hiomlán.
4. Cuir an meascán isteach sa phota agus fág é sa chuisneoir go dtí go mbíonn sé fuar.
5. Bain taobhanna an phota den cháca agus croch é taobh amuigh.

Cá gcuirfidh tú an bia?: Croch do cháca ar chrann nó ar sceach in aice le fuinneog an tseomra ranga. Beidh leithscéal maith agat anois má bhíonn tú ag stánadh amach ar an bhfuinneog!

Faigh amach: Cén sórt éan a itheann an bia seo?